AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Imlitir 0037/2013**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

## Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) - Socruithe Sannacháin Breise don scoilbhliain 2013/2014

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duit na socruithe sannacháin breise seo a leanas do CRSanna a chur i bhfeidhm don scoilbhliain 2013/2014. Tá na socruithe seo le cur i bhfeidhm ag gach fostóir le feidhm láithreach agus ní mór do na cúntóirí riachtanas speisialta uile cloí le téarmaí na himlitreach seo.

Is í aidhm na hImlitreach seo ná údaráis bhainistíochta, Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) agus CRSanna a chur ar an eolas faoi shocruithe sannacháin breise do CRSanna don scoilbhliain 2013/2014. Ba chóir a nótáil, le heisiúint na hImlitreach seo, go dtarraingítear siar fógra na Roinne den 19 Meitheamh 2013 maidir le hearcaíocht CRS don scoilbhliain 2013/2014. Is féidir le scoileanna agus BOOanna anois aon phróiseas earcaíochta do CRSanna don scoilbhliain 2013/2014 a thosú nó a atosú faoi réir théarmaí na hImlitreach seo.

Ba chóir glacadh leis nach leasaítear imlitreacha nó rialacháin maidir le hearcaíocht CRSanna ach amháin sa mhéid a luaitear san Imlitir seo. Dá réir sin, ba chóir d'fhostóirí leanúint ar aghaidh ag cloí le gnásanna reatha um earcaíocht CRSanna faoi réir áireamh na mbeart seo a leanas chun cuidiú le hoibriú na socruithe sannacháin breise seo do CRSanna. I gcás bhunscoileanna agus scoileanna speisialta tá sé seo ag teacht le hAguisín E de Chomhdhéanamh na mBord agus Rialacha Gnásanna na mBord 2011.

Beidh athbhreithniú ar oibriú na socruithe sannacháin breise do CRSanna ann i bhfad roimh thús na scoilbhliana 2014/2015.

**Scaipeachán:**
Déan cinnte, led' thoil, go dtugtar cóipeanna den Imlitir seo don Bhord Bainistíochta/Bord Oideachais agus Oiliúna agus go dtarraingítear aird na CRSanna uile atá fostaithe agat, iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh, ar ábhar na hImlitreach seo.

Is féidir an Imlitir seo a rochtain ar shuíomh na Roinne faoi http://www.education.ie.

Philip Crosby
Caidreamh Foirne Seachtraigh
01 Iúil 2013

## MÍNITHE:

**Mínithe**
Do chúiseanna na himlitreach seo beidh na cialla a shannaítear dóibh anseo ag na téarmaí seo a leanas ach amháin má thugann an comhthéacs a mhalairt le fios:

Ciallaíonn **Fostóir** Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) do ghairmscoileanna/ coláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bhunscoileanna, mheánscoileanna deonacha, phobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna nó Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht a tharmligean as nithe a leagtar síos san imlitir seo chuig Príomhoide na scoile.

Ciallaíonn **an Roinn** an Roinn Oideachais agus Scileanna.

**Ba chóir fiosrú ar bith maidir leis an Imlitir seo a chur (le r-phost amháin) chuig an seoladh r-phoist ar leith seo a leanas: snasupplementpanel@education.gov.ie**

**Socruithe sannacháin breise do chúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna) fostaithe i mBunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna).**

**Cad a tharlaíonn nuair a thugtar fógra do CRS go bhfuiltear chun é/í a dhéanamh iomarcach:**

1. Ba chóir d'fhostóirí leanúint den iomarcaíocht a phróiseáil mar is gnách. Má tá CRS fostaithe ag **Bunscoil, Meánscoil, Pobalscoil nó Scoil Chuimsitheach aitheanta** ansin ba chóir fógra foirmiúil a thabhairt don CRS ar an iomarcaíocht agus ba chóir an fhoirm SNA RED1 agus an fhoirm RP50 a líonadh isteach agus a chur ar aghaidh chuig an seoladh anseo thíos láithreach. Tá an spriocam chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach in Imlitir 58/2006. Tá na foirmeacha thuasluaite ar fáil ar shuíomh na Roinne www.education.ie chomh maith le treoirlínte lena líonadh isteach.

   Aonad Iomarcaíochta
   Párolla Foirne Neamh-Teagaisc (NTS)
   Rannóg Párolla
   An Roinn Oideachais agus Scileanna
   Corr na Madadh
   Baile Átha Luain
   Co. na hIarmhí

2. I gcúinsí ina bhfuil CRS fostaithe faoi láthair ag BOO ba chóir na forálacha atá ann faoi láthair chun athshannadh a dhéanamh laistigh den BOO a chur i gcrích sula n-eisítear fógra iomarcaíochta ar bith. Ina dhiaidh seo, ba chóir dá f(h)ostóir leanúint den iomarcaíocht a phróiseáil mar is gnách, ba chóir fógra foirmiúil ar an iomarcaíocht a thabhairt don CRS agus ba chóir RP50 a líonadh isteach agus a chur ar aghaidh chuig an rannóg chuí sa BOO.

3. Le feidhm ó 1 Bealtaine 2013, a luaithe agus a thugann a f(h)ostóir fógra do CRS le seirbhís bliana ar a laghad (ní áirítear seirbhís mar ionadaí i.e. ag clúdach do shaoire mháithreachais, saoire bhreoiteachta, sosanna gairme srl.) go bhfuiltear chun é/í a dhéanamh iomarcach ansin measfar go bhfuil sé/sí ina b(h)all de Phainéal Sannacháin Breise do CRSanna. **<u>Níl feidhm leis seo áit a chailleann CRS uaireanta ach go bhfanann sé/sí lena f(h)ostóir reatha.</u>**

4. Ba chóir do Chúntóir Riachtanas Speisialta a fhaigheann fógra óna f(h)ostóirí go bhfuiltear chun é/í a dhéanamh iomarcach iarraidh ar a f(h)ostóirí an **fhoirm um sannachán breise do chúntóirí riachtanas speisialta** atá iniata leis seo a **<u>chomhlánú láithreach</u>** agus cóip dheimhnithe den fhoirm chomhlánaithe a thabhairt dóibh.

5. Ní chuirfear tús le próiseáil ar íocaíochtaí iomarcaíochta do CRSanna a mheastar a bheith ina mbaill den Phainéal Sannacháin Breise seo go dtí 1 Meitheamh 2014. Ag an am sin, maidir le CRS ar bith nach bhfuil sonraithe chuig post CRS eile, ní mheasfar go bhfuil siad ina mball a thuilleadh den Phainéal Sannacháin Breise CRS, ó tharla go mbeidh deireadh leis an

bpainéal, agus cuirfear tús le próiseáil a c(h)uid íocaíochta iomarcaíochta ag féachaint lena bheith curtha i gcrích a luaithe agus is féidir.

6. Ní dhéanfar íocaíocht iomarcaíochta ar bith maidir le CRS ar bith a mheastar a bheith ina b(h)all ar an bPainéal Sannacháin Breise seo agus a cheapfar chuig post CRS eile ar 1 Meitheamh 2014 nó roimhe sin. Mar sin féin, má cheaptar é/í chuig post CRS eile mar sin, tabharfar ar aghaidh cibé seirbhís mar CRS atá carnaithe aige/aici mar CRS sa fostóir reatha óna bhfuil sé/sí á dhéanamh iomarcach agus a mbeadh sé/sí anois i dteideal íocaíochta iomarcaíochta ina leith faoi réir théarmaí Imlitir ROS 58/06, agus beidh sé inríofa, do chúiseanna iomarcaíochta amháin, má tharlaíonn staid iomarcaíochta amach anseo maidir leis an duine sin.

7. Má cheaptar CRS chuig post CRS eile ar 1 Meitheamh 2014 nó roimhe sin, ní mheasfar a thuilleadh go bhfuil sé/sí ina b(h)all den Phainéal Sannacháin Breise do CRSanna 2013/2014.

8. Ba chóir a nótáil, má éiríonn CRS as post (nó post páirtaimseartha), nach mbeidh sé/sí i dteideal íocaíocht iomarcaíochta a éileamh mar a bhí an cás i gcónaí.

**Socruithe sannacháin breise do CRSanna:**

9. Le feidhm ó 1 Bealtaine 2013, a luaithe agus a thugann a f(h)ostóir fógra do CRS le seirbhís bliana ar a laghad (ní áirítear seirbhís mar ionadaí i.e. ag clúdach do shaoire mháithreachais, saoire bhreoiteachta, sosanna gairme srl.) go bhfuiltear chun é/í a dhéanamh iomarcach ansin measfar go bhfuil sé/sí ina b(h)all de Phainéal Sannacháin Breise do CRSanna. **Níl feidhm leis seo áit a chailleann CRS uaireanta ach go bhfanann sé/sí lena f(h)ostóir reatha.**

10. Ní bheidh aon teidlíocht ar thuarastal ag CRSanna atá ina mbaill den Phainéal Sannacháin Breise seo de bhua a mballraíochta den phainéal seo.

11. Measfar nach mbeidh CRSanna atá ina mbaill den Phainéal Sannacháin Breise seo i seirbhís a thuilleadh feadh an ama a chaitheann siad ar an bPainéal Sannacháin Breise.

12. Ní bheidh am a chaitear ar an bPainéal Sannacháin Breise CRS inríofa do chúiseanna ar bith. Áiríonn sé seo na nithe seo a leanas (ach gan a bheith teoranta dóibh):

    a. Ní áireofar am a chaitear ar an bPainéal Sannacháin Breise CRS le haghaidh seirbhíse.
    b. Ní áireofar am a chaitear ar an bPainéal Sannacháin Breise CRS do chúiseanna pinsin nó do sheirbhís inphinsin.
    c. Ní áireofar am a chaitear ar an bPainéal Sannacháin Breise CRS má tharlaíonn staid iomarcaíochta amach anseo.

13. **Pinsin:** Ní hionann tréimhse ama a chaitear ar an bPainéal Sannacháin Breise agus seirbhís inphinsin. Do chúiseanna pinsin meastar go bhfuil CRS ar an bPainéal Sannacháin Breise tar éis seirbhís inphinsin a fhágáil ar an lá deiridh de sheirbhís ar íocaíocht roimh an Painéal Sannacháin Breise a rochtain. Nuair a ghabhann tréimhse níos faide ná 26 seachtain thart idir an CRS ag fágáil seirbhíse ar íocaíocht agus ceapachán ina dhiaidh sin chuig post inphinsin, beidh an CRS, ar ghlacadh an phoist ina dhiaidh, ina b(h)all den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair. Tá eolas faoin Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag http://per.gov.ie/wp-content/uploads/Single-Scheme-booklet-Final.pdf

14. Críochnóidh an Painéal Sannacháin Breise CRS 2013/2014 ar 1 Meitheamh 2014.

15. Féadfaidh CRS rogha a dhéanamh imeacht ón bPainéal Sannacháin Breise seo ag am ar bith, rud a chuirfidh tús le próiseáil a c(h)uid íocaíochta iomarcaíochta faoi réir na dtéarmaí a leagtar síos sa scéim iomarcaíochta CRS (Imlitir ROS 58/06) nó leasú ar bith uirthi sin atá i bhfeidhm ag an am sin. Tá an cinneadh le roghnú imeacht ón bPainéal Sannacháin Breise do CRSanna 2013/2014 críochnaitheach agus ceangailteach. Ba chóir do CRS ar bith atá ag iarraidh roghnú amach an fhoirm atá iniata (Painéal Sannacháin Breise - OPT OUT FORM CRS) a líonadh agus an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig:

Aonad Iomarcaíochta
Párolla Foirne Neamh-Teagaisc (NTS)
Rannóg Párolla
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí

16. Don scoilbhliain 2013/2014 ní dhéanfaidh nó ní choinneoidh an Roinn Oideachais agus Scileanna liosta de CRSanna a mheasfar a bheith ina mbaill den Phainéal Sannacháin Breise. Ní bheidh sé indéanta do CRSanna a suíomh ar an bpainéal seo a sheiceáil. Beidh oibriú an phainéil seo mar atá curtha síos agus léirithe san Imlitir seo.

**Oibriú an Phainéil Sannacháin Breise / Cad a tharlaíonn d'Fhostóir a bhfuil folúntas le líonadh acu:**

Faoi réir eisceachtaí ar bith atá ceadaithe ag na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2011, ní féidir leis an bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin aon intinn a léiriú go ndéanfar leithcheal nó aon eolas a bheith ann i bhfoirm ar bith a d'fhéadfaí a thuiscint uaidh go bhfuil intinn ar bith dá leithéid ann.

17. **<u>Ní dhéanann</u>** an Painéal Sannacháin Breise do CRSanna difir ar bith d'fheachtas earcaíochta d'fholúntas CRS a thosaigh ar 19 Meitheamh 2013 nó roimhe sin agus ba chóir leanúint leis mar is gnách.

18. Níl feidhm ag rialacha um Phainéal Sannacháin Breise ar fholúntais Ionadaíochta nó "Clúdaigh" a líonadh i.e. Saoire Mháithreachais, Saoire Bhreoiteachta, Sosanna Gairme srl. Mar sin féin, is féidir CRS atá ina b(h)all an Phainéal Sannacháin Breise a fhostú mar CRS ionaid agus a b(h)allraíocht den Phainéal Sannacháin Breise a choinneáil. Níl seirbhís dá leithéid inríofa do chúiseanna sinsearachta, incriminte nó iomarcaíochta.

19. Tá fostóirí i dteideal suas le 0.5 de phost CRS (agus an méid sin san áireamh) a shannadh d'fhoireann atá ann cheana gan an folúntas a fhógairt. **<u>Ní</u>** dualgas é seo agus féadfaidh an fostóir an folúntas a fhógairt más mian leo é sin a dhéanamh.

20. Ní mór na folúntais eile ar fad do Chúntóirí Riachtanas Speisialta a fhógairt ar cheann de na suíomhanna gréasáin seo a leanas. Is féidir é a fhógairt go háitiúil freisin mar is gá / mar a mheasfar a bheith riachtanach. Cuideoidh sé seo le CRSanna atá á ndéanamh iomarcach a fhios a bheith acu cén folúntais CRS atá ar fáil.

    **Liosta de Shuíomhanna Gréasáin:**
    www.educationposts.ie
    www.staffroom.ie
    www.educationcareers.ie
    www.educatetogether.ie
    Suíomh gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna ar bith

21. Ní mór don fógra liosta a thabhairt d'aon cháilíochtaí riachtanacha atá de dhíth chun an folúntas a líonadh chomh maith le inniúlachtaí agus/nó riachtanais ar leith chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí. Is féidir liosta a thabhairt freisin de cháilíochtaí inmhianaithe agus d'aon dualgais bhreise atá de dhíth chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí.

22. Meabhraítear d'fhostóirí, le feidhm ó 1 Meán Fómhair 2011, gurb é an caighdeán riachtanach íosta oideachais do cheapachán chuig post mar Chúntóir Riachtanas Speisialta:-
    Mórcháilíocht leibhéal 3 FETAC ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí
    **NÓ**
    Trí ghrád D ar a laghad sa Teastas Sóisearach

**NÓ**
A choibhéis

23. Má fhaigheann fostóir iarratas ar fholúntas ó CRS atá le bheith déanta iomarcach agus a thugann cóip dheimhnithe **d'fhoirm um sannachán breise do chúntóirí riachtanas speisialta** chomhlánaithe don bhfostóir agus, ar an gcoinníoll go bhfuil an CRS i dteideal a bheith ar an bPainéal Sannacháin Breise, ansin tá **iallach** ar an bhfostóir a fholúntas a thairiscint don CRS sin. Tá sé seo faoi réir, áfach, ag an CRS ag sásamh na gcáilíochtaí riachtanacha uile atá de dhíth chun an folúntas a líonadh chomh maith leis na hinniúlachtaí agus/nó riachtanais ar leith chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí. Éileoidh sé seo próiseas agallaimh chun a dhéanamh amach cé acu an sásaíonn an CRS na cáilíochtaí riachtanacha uile atá de dhíth chun an folúntas a líonadh chomh maith leis na hinniúlachtaí agus/nó riachtanais ar leith chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí agus tá sé faoi réir sheiceáil agus dearbhú teistiméireachtaí. Ní mór don CRS freisin aontú géilleadh d'éiteas an fhostóra atá i gceist.

24. Má dhéanann níos mó ná CRS dá leithéid (atá le bheith déanta iomarcach agus a thugann cóip dheimhnithe **d'fhoirm um sannachán breise do chúntóirí riachtanas speisialta** chomhlánaithe don bhfostóir) iarratas ar an bhfolúntas ansin tá **iallach** ar an bhfostóir a fholúntas a thairiscint do CRS ar bith dá leithéid a shásaíonn na cáilíochtaí riachtanacha uile atá de dhíth chun an folúntas a líonadh chomh maith leis na hinniúlachtaí agus/nó riachtanais ar leith chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí. Éileoidh sé seo próiseas agallaimh chun a dhéanamh amach cé acu an sásaíonn an CRS na cáilíochtaí riachtanacha uile atá de dhíth chun an folúntas a líonadh chomh maith leis na hinniúlachtaí agus/nó riachtanais ar leith chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí agus tá sé faoi réir sheiceáil agus dearbhú teistiméireachtaí. Ní mór don CRS freisin aontú géilleadh d'éiteas an fhostóra atá i gceist.

25. Gearrliostáil ar iarrthóirí dá leithéid d'agallamh:
Má tá triúr iarrthóirí incháilithe nó níos lú ann, ba chóir na hiarrthóirí incháilithe uile a ghlaoch chuig agallamh. Murach sin, ba chóir triúr iarrthóirí incháilithe ar a laghad a ghlaoch chuig agallamh.

26. Mura bhfaigheann fostóir iarratas ar fholúntas ó CRS atá le bheith déanta iomarcach agus a thugann cóip dheimhnithe **d'fhoirm um sannachán breise do chúntóirí riachtanas speisialta** chomhlánaithe don bhfostóir laistigh den tréimhse ama atá sonraithe sa fógra **nó** más rud é, agus agallamh curtha ar na hiarrthóirí uile dá leithéid, go bhfuil sé déanta amach nach féidir le iarrthóir ar bith dá leithéid na cáilíochtaí riachtanacha a shásamh atá de dhíth chun an folúntas a líonadh chomh maith leis na hinniúlachtaí agus/nó riachtanais ar leith chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí, ansin is féidir leis an bhfostóir a fholúntas a líonadh sa ghnáthshlí ó na hiarrthóirí eile ar fad don fholúntas. I gcás bhunscoileanna agus scoileanna speisialta tá sé seo ag teacht le hAguisín E de Chomhdhéanamh na mBord agus Rialacha Gnásanna na mBord 2011.

27. Nuair atá tairiscint ar an bpost déanta leis an iarrthóir rathúil, ní mór dó/di a dheimhniú go bhfuil an post á ghlacadh aige/aici, i scríbhinn le bheith faighte ag an bhFostóir **tráth nach déanaí ná ocht lá féilire** ó dháta eisiúna na litreach tairisceana.

**28. Seirbhís atá ann cheana – Sinsearacht:**
Tugtar sonraí maidir le sinsearacht CRS in Imlitir ROS 59/2006. Má fhaigheann CRS post tríd an bPainéal Sannacháin Breise ansin **ní bheidh** seirbhís ar bith atá ann cheana mar CRS inríofa do chúiseanna sinsearachta amach anseo mar CRS leis an bhfostóir nua i.e. déantar an CRS is sóisearaí do chúiseanna sinsearachta de/di ina f(h)ostaíocht nua.

29. **Seirbhís atá ann cheana – Iomarcaíocht:**
Ní dhéanfar íocaíocht iomarcaíochta ar bith maidir le CRS ar bith a mheastar a bheith ina b(h)all ar an bPainéal Sannacháin Breise seo agus a cheapfar chuig post CRS eile ar 1 Meitheamh 2014 nó roimhe sin. Mar sin féin, má cheaptar é/í chuig post CRS eile i rith na scoilbhliana 2013/2014, tabharfar ar aghaidh cibé seirbhís mar CRS atá carnaithe aige/aici mar CRS sa fostóir reatha óna bhfuil sé/sí á dhéanamh iomarcach agus a mbeadh sé/sí anois i dteideal íocaíochta iomarcaíochta ina leith faoi réir théarmaí Imlitir ROS 58/06, agus beidh sé inríofa, do chúiseanna iomarcaíochta amháin, má tharlaíonn staid iomarcaíochta amach anseo maidir leis an duine sin.

**30. Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:**
Ní mór do bhFostóir a chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais chuí maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus maidir le dearbhú reachtúil i leith chosaint leanaí agus foirm ghealltanais ábhartha á sholáthar ag daoine atá á gceapadh chuig poist CRS. Tugtar cur síos ar riachtanais reatha ar www.education.ie.

31. **Conarthaí Fostaíochta:**
Ní mór conradh fostaíochta a thairiscint do cheapaithe faoi réir na dtéarmaí a luaitear sna himlitreacha ábhartha atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne. – www.education.ie – Baile – Foireann Oideachais – Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

32. Fógra chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna faoin gceapachán:
Agus an gnás ceapacháin mar a luaitear thuas curtha i gcrích, ní mór d'Fhostóirí (ach amháin BOOanna) an fhoirm "Fógra Ceapacháin – Cúntóir Riachtanas Speisialta", atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie faoi Foireann Oideachais/Cúntóirí Riachtanas Speisialta, a chomhlánú agus a sheoladh chuig:

Párolla Foirne Neamh-Teagaisc (NTS)
Rannóg Párolla
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí

33. Beidh athbhreithniú ar oibriú na socruithe sannacháin breise do CRSanna ann i bhfad roimh thús na scoilbhliana 2014/2015..

34. Ba chóir fiosrú ar bith maidir leis an Imlitir seo a chur (le r-phost amháin) chuig an seoladh r-phoist ar leith seo a leanas: snasupplementpanel@education.gov.ie

**Eolas ábhartha eile maidir le socruithe sannacháin breise do CRSanna**

35. Níl cead Cúntóir Riachtanas Speisialta a cheapadh ach do phost atá le líonadh laistigh de leithdháileadh na bpost atá ceadaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS).

36. Is í aidhm na socruithe ná chun cuidiú le CRSanna incháilithe atá de bhreis ar riachtanais folúntais CRS a d'fhéadfadh a bheith ar fáil i Scoileanna / BOOanna eile a líonadh.

37. A luaithe agus a thugann a f(h)ostóir fógra do CRS le seirbhís bliana ar a laghad (ní áirítear seirbhís mar ionadaí i.e. ag clúdach do shaoire mháithreachais, saoire bhreoiteachta, sosanna gairme srl.) go bhfuiltear chun é/í a dhéanamh iomarcach ansin measfar go bhfuil sé/sí ina b(h)all de Phainéal Sannacháin Breise do CRSanna. **Níl feidhm leis seo áit a chailleann CRS uaireanta ach go bhfanann sé/sí lena f(h)ostóir reatha.**

38. Ní chuirfear tús le próiseáil ar íocaíochtaí iomarcaíochta do CRSanna a mheastar a bheith ina mbaill den Phainéal Sannacháin Breise seo go dtí 1 Meitheamh 2014. Ag am ar bith, maidir le CRS ar bith nach bhfuil sonraithe chuig post CRS eile, ní mheasfar go bhfuil siad ina mball a thuilleadh den Phainéal Sannacháin Breise CRS, ó tharla go mbeidh deireadh leis an bpainéal, agus cuirfear tús le próiseáil a c(h)uid íocaíochta iomarcaíochta ag féachaint lena bheith curtha i gcrích a luaithe agus is féidir.

39. Féadfaidh CRS rogha a dhéanamh imeacht ón bPainéal Sannacháin Breise seo ag am ar bith, rud a chuirfidh tús le próiseáil a c(h)uid íocaíochta iomarcaíochta faoi réir na dtéarmaí a leagtar síos sa scéim iomarcaíochta CRS (Imlitir ROS 58/06) nó leasú ar bith uirthi sin atá i bhfeidhm ag an am sin. Tá an cinneadh le roghnú imeacht ón bPainéal Sannacháin Breise do CRSanna 2013/2014 críochnaitheach agus ceangailteach. Ba chóir do CRS ar bith atá ag iarraidh roghnú amach an fhoirm atá iniata (Painéal Sannacháin Breise - OPT OUT FORM CRS) a líonadh agus an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig:

    Aonad Iomarcaíochta
    Párolla Foirne Neamh-Teagaisc (NTS)
    Rannóg Párolla
    An Roinn Oideachais agus Scileanna
    Corr na Madadh
    Baile Átha Luain
    Co. na hIarmhí

40. Maidir le CRS ar bith a roghnaíonn íocaíocht iomarcaíochta mar a luaitear thuas agus a athfhostófar ina dhiaidh sin mar CRS ag scoil nó BOO **ar bith** laistigh de bhliain amháin ó bheith déanta iomarcach, ní mór dó/di fógra a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna nó don Bhord Oideachais agus Oiliúna cuí go bhfuil íocaíocht dá leithéid faighte aige/aici. Sna cúinsí seo, iarrfar ar an duine sin an íocaíocht chúitimh iomarcaíochta a aisíoc. Tá glactha leis, má aisíocann duine an íocaíocht chúitimh iomarcaíochta, beidh an tseirbhís a rinneadh an íocaíocht ina leith incháilithe ansin do chúiseanna

iomarcaíochta más rud é go ndéantar an duine iomarcach ag an bhfostóir ag dáta ina dhiaidh sin. Déanfar na socruithe don aisíoc ag an am sin, faoi réir na haisíocaíochta sin a bheith curtha i gcrích laistigh de fhráma ama 12 mí.

41. Má ghlactar leis an íocaíocht chúitimh iomarcaíochta beidh ar an mball foirne dearbhú a shíniú ina leith sin. Áireoidh an dearbhú sin freisin údarú gur féidir an t-eolas a úsáid ag an Roinn, agus an fostóir CRSanna ar bith in earnáil an oideachais, chun críche na monatóireachta ar chomhlíonadh na forála seo.

# Leathanach 1 de 2

**CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA – FOIRM UM PHAINÉAL SANNACHÁIN BREISE FORM 2013/2014**

Tá an fhoirm seo le líonadh isteach ag scoil áit a dtugann a f(h)ostóir fógra do CRS (le seirbhís leanúnach bliana ar a laghad) go bhfuiltear chun é/í a dhéanamh iomarcach. (Ní áirítear seirbhís mar ionadaí i.e. clúdach do shaoire mháithreachais, saoire bhreoiteachta, sos gairme srl)

**Níor chóir an fhoirm seo a chomhlánú áit a chailleann CRS ach uaireanta ach go bhfanann sé/sí lena f(h)ostóir cheana.**

**Sonraí Scoile:**

Ainm na Scoile:

Seoladh na Scoile:

Uimhir Ghutháin na Scoile:

Uimhir Rolla na Scoile:

**Sonraí an Chúntóra Riachtanas Speisialta:**

Ainm an Chúntóra Riachtanas Speisialta:

Seoladh an CRS:

Uimhir PSP an CRS:

Uimhir Ghutháin an CRS:

An bhfuil fógra tugtha don Chúntóir Riachtanas Speisialta seo go bhfuiltear chun é/í a dhéanamh iomarcach?

Ar cén dáta a tugadh fógra foirmiúil don CRS go bhfuiltear chun é/í a dhéanamh iomarcach?: __/__/____.

Le feidhm ó cén dáta a stopfaidh an Cúntóir Riachtanas Speisialta seo de bheith fostaithe ag do scoil?: __/__/_____. [Ba chóir 31 Lúnasa a úsáid áit a stopann CRS de bheith fostaithe ag deireadh na scoilbhliana]

## Leathanach 2 de 2

Le síniú ag an bPríomhoide:

Deimhním go bhfuil an t-eolas a thugtar san fhoirm iarratais seo ceart, chomh fada agus is eol dom.

Síniú: ___________________________

Dáta: ___________________________

Le síniú ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta:

Deimhním go bhfuil an t-eolas a thugtar san fhoirm iarratais seo ceart, chomh fada agus is eol dom.

Síniú: _________________________

Dáta: _________________________

Uimhir Ghutháin an Chathaoirligh:

Le síniú ag an gCúntóir Riachtanas Speisialta:

Deimhním go bhfuil an t-eolas a thugtar san fhoirm iarratais seo ceart, chomh fada agus is eol dom.

Síniú: _________________________

Dáta: _________________________

**Ba chóir an fhoirm seo a chomhlánú agus a thabhairt don CRS a bhfuil fógra tugtha dó/di go bhfuiltear chun é/í a dhéanamh iomarcach. Ba chóir don scoil cóip den fhoirm seo a choinneáil dá dtaifid féin.**

**Painéal Sannacháin Breise CRS – FOIRM UM ROGHNÚ AMACH**

**CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA - FOIRM CHUN ROGHNÚ AMACH AS PAINÉAL SANNACHÁIN BREISE DO CRSanna 2013/2014**
*Moltar do CRSanna an fhoirm seo agus an Imlitir 0037/2013 a bhaineann leis a léamh go cúramach sula síníonn siad í..*

**Tá an fhoirm seo le líonadh isteach ag CRS a mheastar a bheith ina b(h)all den Phainéal Sannacháin Breise do CRSanna 2013/2014 agus ar mian leis/léi roghnú amach as Painéal Sannacháin Breise CRS 2013/2014. Tá an cinneadh le roghnú amach as an bPainéal Sannacháin Breise do CRSanna 2013/2014 críochnaitheach agus ceangailteach.**

**Féadfaidh CRS roghnú imeacht ón bPainéal Sannacháin Breise do CRSanna 2013/2014 tríd an fhoirm seo a chomhlánú. Cuirfidh sé seo tús le próiseáil a c(h)uid íocaíochta iomarcaíochta faoi réir na dtéarmaí a leagtar síos sa scéim iomarcaíochta CRS (Imlitir ROS 58/06) nó leasú ar bith uirthi sin atá i bhfeidhm ag an am sin.**

Maidir le CRS ar bith a roghnaíonn imeacht Painéal Sannacháin Breise do CRSanna 2013/2014 agus a fuair íocaíocht iomarcaíochta mar a luaitear thuas, agus a athfhostófar ina dhiaidh sin mar CRS ag scoil nó BOO **ar bith** laistigh de bhliain amháin ó bheith déanta iomarcach, ní mór dó/di fógra a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna nó don Bhord Oideachais agus Oiliúna cuí go bhfuil íocaíocht dá leithéid faighte aige/aici. Sna cúinsí seo, iarrfar ar an duine sin an íocaíocht chúitimh iomarcaíochta a aisíoc. Tá glactha leis, má aisíocann duine an íocaíocht chúitimh iomarcaíochta, beidh an tseirbhís a rinneadh an íocaíocht ina leith incháilithe ansin do chúiseanna iomarcaíochta más rud é go ndéantar an duine iomarcach ag an bhfostóir ag dáta ina dhiaidh sin. Déanfar na socruithe don aisíoc ag an am sin, faoi réir na haisíocaíochta sin a bheith curtha i gcrích laistigh de fhráma ama 12 mí. Ba chóir a nótáil go nglacfar le comhlánú na foirme seo mar ghlacadh leis an téarmaí agus na coinníollacha seo. Ba chóir a nótáil a thuilleadh go dtugann comhlánú na foirme seo cead freisin don Roinn Oideachais agus Scileanna, agus aon fhostóir CRSanna in earnáil an oideachais, na sonraí atá san fhoirm seo a úsáid chun críche na monatóireachta ar chomhlíonadh na forála seo.

**Sonraí Scoile:**
Ainm na Scoile:
Seoladh an Scoile:

Uimhir Ghutháin na Scoile:
Uimhir Rolla na Scoile:

**Sonraí an Chúntóra Riachtanas Speisialta:**
Ainm an Chúntóra Riachtanas Speisialta:
Seoladh an CRS:

Uimhir PSP an CRS:

## Leathanach 2 de 2

**Le líonadh isteach ag an gCúntóir Riachtanas Speisialta:**

Tá na téarmaí agus coinníollacha a ghabhann leis an 2013/2014 Painéal Sannacháin Breise CRS 2013/2014 léite go cúramach agus tuigthe go hiomlán agamsa, ______ ________________________________(ainm i mbloclitreacha). Dearbhaím gur mian liom éirí as ballraíocht sa Phainéal Sannacháin Breise do CRSanna 2013/2014. Admhaím má fhaighim Íocaíocht Iomarcaíochta mar a luadh cheana san fhoirm seo agus má fhostaítear mé amach anseo mar CRS i scoil **ar bith** laistigh de 1 bhliain ó bheith déanta iomarcach, nach mór dom fógra a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna nó don BOO mar is cuí, go bhfuil íocaíocht dá leithéid faighte agam. Sna cúinsí seo, beidh gá leis an íocaíocht iomarcaíochta a aisíoc. Toilím leis seo m'uimhir PSP a choinneáil i mBunachar Sonraí Lárnach. Toilím freisin gur féidir an t-eolas ar fad atá san fhoirm seo a úsáid ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus fostóir ar bith CRSanna in earnáil an oideachais, chun críche na monatóireachta ar chomhlíonadh na forála seo.

Síniú: _________________________

Dáta: _________________________

**Ba chóir an fhoirm seo a líonadh agus a chur ar ais chuig:**
**Párolla Foirne Neamh-Teagaisc (NTS)**
**Rannóg Párolla**
**An Roinn Oideachais agus Scileanna**
**Corr na Madadh**
**Baile Átha Luain**
**Co. na hIarmhí**

**Ba chóir duit cóip den fhoirm seo a choinneáil mar thaifead.**

A luaithe agus a fhaigheann Rannóg Párolla na Foirne Neamh-Theagaisc an fhoirm chomhlánaithe seo, cuirfidh sé seo tús le próiseáil íocaíochta iomarcaíochta faoi réir na dtéarmaí a leagtar síos sa scéim iomarcaíochta CRS (Imlitir ROS 58/06) nó leasú ar bith uirthi sin atá i bhfeidhm ag an am sin ar an gcoinníoll go bhfuil an CRS i dteideal íocaíochta iomarcaíochta dá leithéid.